# Polasaí ar Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne

## 1 Taifead Athbhreithnithe

| | |
|---|---|
| Údar / Úinéir an Pholasaí: | Acmhainní Daonna |
| Dáta an Pholasaí: | Iúil 2018 |
| Uimhir Thaifead Athbhreithnithe: | 1 |
| Faofa ag: | Údarás Ceannais |
| Dáta faofa: | 19 Nollaig 2018 |
| Dáta Athbhreithnithe: | Iúil 2020 |

| | |
|---|---|
| Minicíocht Athbhreithnithe: | Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go débhliantúil. |

# 1 Clár na nÁbhar


1 Taifead Athbhreithnithe ........................................ 1
2 Clár na nÁbhar ........................................ **Error! Bookmark not defined.**
4 Eolas Ábhartha ........................................ 3
4.1 Polasaithe Ábhartha Institiúide ........................................ 3
4.2 Tagairtí Seachtracha ........................................ 3
5 Gluais Téarmaí agus Sainmhínithe ........................................ 4
5.1 Príomhshainmhínithe ........................................ 4
6 Polasaí ar Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne ........................................ 6
7 Prionsabal ........................................ 6
8 Aidhmeanna na hOllscoile ........................................ 6
9 Raon an Pholasaí ........................................ 6
10 Tiomantas do Chomhionannas agus Éagsúlacht ........................................ 6
11 Róil agus Freagrachtaí ........................................ 6
11.1 Feidhmeannas na hOllscoile ........................................ 7
11.2 An Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Idirchultúrachas ........................................ 7
11.3 Ceann Roinne ........................................ 7
11.4 An Cláraitheoir ........................................ 7
11.5 Daoine a chabhraíonn le Mic Léinn agus Róil Tacaíochta (an fhoireann múinteoireachta, comhairleoirí mac léinn, séiplínigh, foireann tacaíochta na mac léinn agus stiúrthóirí acadúla) ........ 7
11.6 Acmhainní Daonna ........................................ 8
12 Neamhchomhlíonadh an Pholasaí ........................................ 8
13 Athbhreithniú agus Tuairisciú ........................................ 9


# 2 Eolas Ábhartha

An tAcht um Stádas Comhionann 2000 - 2015
An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 - 2015
An tAcht um Inscne a Aithint 2015
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 - Dualgas na hEarnála Poiblí

## 2.1 Polasaithe Ábhartha Institiúide

Polasaí Ollscoil Mhá Nuad ar Chomhionannas agus Éagsúlacht
Cosaint Foirne ar Bhulaíocht, ar Chiapadh agus ar Ghnéaschiapadh
Treoirlínte ar Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne (doiciméad tacaíochta don pholasaí seo)*

## 2.2 Tagairtí Seachtracha

Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI)
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí - Teastas Aithint Inscne

## 3 Gluais Téarmaí agus Sainmhínithe

Tá sé beartaithe an ghluais seo a bheith ina treoir ar na gnáth-théarmaí agus sainmhínithe a úsáidtear faoi láthair nuair a phléitear léiriú agus féiniúlacht inscne.

**Gnéas**: de ghnáth ainmnítear an gnéas ag an mbreith, bunaithe ar mheasúnú colainne (baill ghiniúna/orgáin atáirgthe) agus/nó ar bhitheolaíocht (hormóin/crómasóim).

**Féiniúlacht Inscne**: an chaoi a n-aithníonn duine é féin mar dhuine fireann/baineann (inscne dhénártha) nó eile. D'fhéadfaí go mbeadh an fhéiniúlacht inscne ag teacht leis an gnéas a tugadh ag an mbreith nó d'fhéadfaí nach mbeadh.

**Léiriú Inscne**: léiriú aonair inscne lena n-áirítear cuma, gothaíocht, caidreamh sóisialta agus an chaoi ina gcuireann daoine aonair iad féin in aithne (m.sh. úsáid an fhorainm sí/sé/siad). D'fhéadfadh léiriú inscne athrú i rith an tsaoil nó d'fhéadfadh sé gan athrú agus d'fhéadfadh 'solúbthacht' inscne a bheith i gceist. D'fhéadfadh fireann, baineann, andraigíneach srl. a bheith i gceist i dtuairiscí.

**Gnéaschlaonadh**: mealladh rómánsach, mothúchánach nó fisiciúil do dhuine eile (lena n-áirítear leispiach, aerach, déghnéasach, heitrighnéasach, éighnéasach, ilghnéasach).

Is gnéithe soiléire ar leith den duine iad agus ní ceart talamh slán a dhéanamh den chaoi a n-ailíníonn ceann amháin le ceann eile. Tá gnéas ag gach duine, gnéas a ainmníodh ag an mbreith, féiniúlacht inscne, léiriú inscne agus gnéaschlaonadh.

### 3.1 Príomhshainmhínithe

Ní liosta uileghabhálach é seo ach is ann é le treoir a thabhairt maidir le **sainmhínithe** a bhaineann leis an bPolasaí seo:

**Duine trasinscneach**: duine nach bhfuil a fhéiniúlacht inscne agus/nó a léiriú inscne ag teacht leis an gnéas a ainmníodh dó ag an mbreith.

> **Tras fhear/FTM**: duine baineann a aistríonn go duine trasinscneach fireann
>
> **Tras bhean/MTF**: duine fireann a aistríonn go duine trasinscneach baineann.

**Cisinscneach**: duine a bhfuil a fhéiniúlacht agus a léiriú inscne de réir an gnéas a ainmníodh dó ag an mbreith.

**Aistriú**: an próiseas a tharlaíonn nuair a thosaíonn duine ag maireachtáil san inscne a aithníonn sé seachas san inscne a ainmníodh ag an mbreith. D'fhéadfaí na gnéithe aistrithe seo a bheith san áireamh:

- athruithe sóisialta - athruithe iompair lena n-áirítear an chaoi a gcuireann daoine iad féin in iúl (forainmneacha), an próiseas 'teacht amach' mar dhuine trasinscneach dá bpiaraí, dá dteaghlaigh agus dá gcairde
- athruithe cuma - lena n-áirítear grúmaeireacht, éadaí agus gothaíocht
- athruithe dlíthiúla - lena n-áirítear athrú ainm, aithint fhoirmiúil inscne, taifid foirne/mhac léinn a nuashonrú
- athruithe anatamaíocha/leighis - hormóin agus/nó obráid

Ní 'seicliosta' atá san aistriú agus d'fhéadfadh duine trasinscneach athruithe a dhéanamh sna gnéithe sin ar fad nó gan athruithe a dhéanamh. Ní aistríonn duine in ord ar leith agus aistreoidh duine ag a ráta féin.

**Dénárthacht Inscne**: córas sochaíoch dhá inscne - fireann agus baineann. Faoi reachtaíocht na hÉireann ar léiriú inscne glactar le dhá inscne oifigiúla (F/B). I roinnt cultúr glactar leis an 'tríú hinscne' (X) nó níos mó.

**Solúbthacht Inscne/ Aiteacht ó thaobh Inscne de/ Neamh-dhénárthacht Inscne**: duine a sáraíonn a fhéiniúlacht agus/nó a léiriú inscne coincheap na dénárthachta. D'fhéadfadh an inscne a bheith

solúbtha nó seasmhach agus d'fhéadfaí í a léiriú mar dhá inscne nó gan a bheith fireann ná baineann ag an am céanna.

**Athraitheach ó thaobh Inscne de/ Éagsúlacht Inscne**: duine a bhfuil a léiriú agus/nó a fhéiniúlacht éagsúil ón gcuma inscne thraidisiúnta nó thipiciúil, i.e an chaoi ar cheart d'fhear breathnú agus/nó é féin a iompar.

**Idirghnéasach**: is téarma é seo a chlúdaíonn roinnt éagsúlachtaí maidir le saintréithe gnéis, nach gclúdaítear faoin ngnáth-chatagóir leighis, fireann nó baineann. D'fhéadfadh na héagsúlachtaí seo a bheith fisiciúil (anatamaíoch), crómasómach nó hormónach. D'fhéadfadh duine fáil amach go bhfuil sé idirghnéasach ag staideanna éagsúla ina shaol. Céimeanna tábhachtacha is ea na céimeanna seo thíos, mar shampla:

- ag an mbreith nuair a dhéantar an chéad mheasúnú fhisiciúil,
- le linn caithreachais nuair a tharlaíonn saintréithe tánaisteacha gnéis/ nó nuair nach dtarlaíonn; nó
- níos deireanaí sa saol mar gheall ar athruithe hormónacha nó má tharlaíonn fadhbanna torthúlachta

Ní mór a thabhairt faoi deara nach ionann idirghnéasach agus trasinscne agus níor cheart iad a chur faoi cheann ar bith de na 'scáth-théarmaí' céanna.

**'Ag nochtadh gnéaschlaonadh duine eile gan chead'/ 'Ag teacht amach'**: an próiseas ina dtarlaíonn nochtadh agus ina dhéantar nochtadh do dhuine éigin maidir le d'fhéiniúlacht inscne féin agus/nó do ghnéaschlaonadh nó maidir le féiniúlacht inscne nó gnéaschlaonadh duine eile. Tá sé tábhachtach nach ndéantar 'nochtadh gnéaschlaonta' ar dhuine gan cead an duine sin. Is cinneadh fíorphearsanta é 'teacht amach' agus ní féidir iachall a chur ar éinne sin a dhéanamh.

**Trasfhóibe**: is téarma é a chuimsíonn réimse dearcthaí, mothúchán nó gníomhartha diúltacha i leith daoine trasinscneacha agus/nó daoine le héagsúlacht inscne. I gcás trasfhóibe d'fhéadfaí déistin, míchompord, fearg, faitíos nó mothúcháin dhiúltacha eile a mhothú nó a léiriú do dhaoine nach gcloíonn le 'caighdeáin' thraidisiúnta inscne.

In Ollscoil Mhá Nuad, ní ghlactar le leithcheal ar bhonn féiniúlacht inscne nó léiriú inscne, agus ní ghlactar le bulaíocht nó ciapadh. Tá próisis le gearáin a dhéanamh, leagtha amach sna polasaithe ábhartha.

## 4 Polasaí ar Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne

Tá meas ag Ollscoil Mhá Nuad ar éagsúlacht ina pobal agus tá sí tiomanta do chomhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint don fhoireann ar fad agus do na mic léinn. Tá sé mar aidhm ag an Ollscoil timpeallacht ionchuimsitheach a chruthú do gach uile dhuine is cuma faoina fhéiniúlacht inscne agus/nó faoina léiriú inscne.

## 5 Prionsabal

Aithníonn Ollscoil Mhá Nuad ceart saoirse an duine i leith féiniúlacht inscne agus féinléiriú údarach inscne. Mar sin tá an Ollscoil tiomanta do phobal a chruthú ina mbeidh saoirse ag gach uile dhuine barr a chumais a bhaint amach, gan teorainn bunaithe ar fhéiniúlacht agus/nó léiriú inscne.

## 6 Aidhmeanna na hOllscoile

Chun é sin a bhaint amach, tá an Ollscoil tiomanta do

- phobal ionchuimsitheach, ina mbeidh ceart dínite ag gach duine gan bhulaíocht, chiapadh, ghnéaschiapadh ná leithcheal. Tríd an bPolasaí ar Bhulaíocht, Ciapadh agus Gnéaschiapadh, a thugann aitheantas d'fhíorinscne gach duine, cuirfear próisis chuí i bhfeidhm san Ollscoil sa chás go sáraítear an ceart dínite sin.
- Tá próisis shoiléire ann chun taifid oifigiúla a nuashonrú, mar is gá. Tá eolas breise ar fáil sna treoirlínte tacaíochta a ghabhann leis an bpolasaí seo.
- chóiríocht réasúnta a chur ar fáil do chomhaltaí na hollscoile, a chuirfidh ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh beag beann ar phróiseas aistrithe ar bith (sóisialta, leighis nó eile)
- mheas a léiriú ar phríobháideachas agus rúndacht an duine maidir le héagsúlacht inscne, léiriú agus féiniúlacht inscne
- impleachtaí inscne a shrianadh, nuair a bhíonn polasaithe agus próisis á bhforbairt agus á n-athbhreithniú. Déanfar amhlaidh maidir le forbairt agus athfhorbairt áiseanna ar an gcampas. Beidh sé mar aidhm ag an Ollscoil deireadh a chur le difríochtaí inscne de réir mar is féidir.

## 7 Raon an Pholasaí

Baineann an Polasaí seo le gach comhalta de phobal na hOllscoile, lena n-áirítear an fhoireann, na mic léinn, comhpháirtithe agus gach úsáideoirí eile seirbhísí. Cuimsíonn sé daoine aonair ag gach céim den teagmháil, iarrthóirí (foireann agus mic léinn), an fhoireann reatha, mic léinn, daoine atá ar scor agus alumni san áireamh.

Clúdaíonn an Polasaí iompar a tharlaíonn ag ócáidí a dtacaíonn Ollscoil Mhá Nuad leo agus iompar daoine aonair a dhéanann ionadaíochta ar son na hOllscoile. Clúdaíonn sé iompar a tharlaíonn ar an gcampas nó ar mhaoin na hOllscoile agus iompar ag ócáidí agus imeachtaí a tharlaíonn lasmuigh de láthair an champais.

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí seo agus ag treoirlínte a fhoilseofar ina dhiaidh, caighdeán a leagan amach chun tacú le mic léinn thrasinscneacha agus le foireann thrasinscneach agus le mic léinn agus foireann le héagsúlacht inscne. Sna Treoirlínte ar Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne beidh eolas ar na próisis shonracha chun aitheantas foirmiúil inscne a fháil laistigh de chórais na hOllscoile agus tabharfar eolas ar áiteanna inar féidir tacaíocht phearsanta a fháil.

## 8 Tiomantas do Chomhionannas agus Éagsúlacht

Sa Pholasaí ar Chomhionannas agus Éagsúlacht de chuid Ollscoil Mhá Nuad (2018) leagtar amach tiomantas na hOllscoile do chur i gcrích na mbunluach a bhaineann le comhionannas, ionchuimsitheacht, ceartas sóisialta, dínit agus meas. Déantar fairsingiú ar an tiomantas seo sa Pholasaí ar Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne agus níor cheart breathnú air as féin gan tagairt a dhéanamh don pholasaí ar Chomhionannas agus Éagsúlacht.

## 9 Róil agus Freagrachtaí

### 9.1 Feidhmeannas na hOllscoile

Tá Feidhmeannas na hOllscoile freagrach as cultúr le meas agus le dínit a chur chun tosaigh do chách. Déanfar é sin mar seo:

- trína chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun freastal ar aon cheist maidir le meas agus dínit
- caighdeáin iompair a leagan síos trí ghníomhartha an Fheidhmeannais féin

### 9.2 An Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Idirchultúrachas (EDIC)

Déanfaidh an EDIC monatóireacht ar thionchar agus ar ábharthacht an pholasaí laistigh den Phobal Ollscoile.

### 9.3 Ceann Roinne

Nuair a bhíonn ról ceannaireachta ag duine, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh sé an polasaí chun cinn, trí chaighdeáin iompair a léiriú dá fhoireann. Éilítear ar bhainisteoirí daoine tuiscint a bheith acu ar phrionsabail éagsúlacht inscne agus ar an tacaíocht atá ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn. Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh bainisteoirí daoine mar seo:

- meas a bheith acu ar phríobháideachas agus ar rúndacht na gcomhaltaí foirne agus na mac léinn Ní ghlactar leis i gcás ar bith go ndéantar 'nochtadh gnéaschlaonta' ar dhuine ar bith gan cead soiléir agus cead scríofa a fháil uaidh;
- tacaíocht a iarraidh ó rannóg na n-acmhainní daonna (HR) nuair is gá maidir le cumarsáid, próisis, agus aighnis a d'fhéadfadh tarlú, má aithníonn comhalta foirne é féin mar dhuine trasinscneach nó mar dhuine le héagsúlacht inscne;
- meas agus tacaíocht a léiriú do dhaoine aonair maidir le féiniúlacht agus léiriú inscne;
- tuiscint a bheith ar an tacaíocht atá ar fáil do dhaoine le héagsulacht inscne agus comhairle bhreise a fháil más gá agus rúndacht agus príobháideachas a choinneáil ag an am céanna;
- an polasaí agus na treoirlínte maidir le léiriú inscne a cheadú mar is cuí agus traenáil maidir le heolas inscne a dhéanamh nuair is féidir;
- bheith ar an eolas maidir le polasaí agus nósanna imeachta chun dul i ngleic le ceisteanna dínite ag an obair, amhail ciapadh, gnéaschiapadh, bulaíocht agus íospairt;
- tacaíocht leanúnach agus/nó iarchúram a chur ar fáil do chomhaltaí foirne nuair is gá;

### 9.4 An Cláraitheoir

Is é ról an chláraitheora agus ról chomhaltaí foirne atá ainmnithe san Aonad Clárúcháin, bainistiú a dhéanamh ar chlárúchán na mac léinn agus ar na córais a bhaineann leis. Mar sin i dtaca leis an bPolasaí seo, táthar ag súil go bhfeidhmeoidh an Cláraitheoir chun:

- meas, rúndacht agus príobháideachas den chaighdeán is airde a chinntiú i gcúrsaí a bhaineann le héagsúlacht inscne do mhic léinn. Tá próisis maidir le haithint fhoirmiúil inscne, sonraí leighis agus/nó saoire san áireamh anseo.
- tuiscint shoiléir a léiriú ar an bpolasaí seo agus ar na treoirlínte a ghabhann leis, treoracha a rianaíonn na céimeanna maidir le hathruithe riachtanacha ar thaifid mac léinn, aistriú inscne san áireamh;
- meas a léiriú ar phríobháideachas agus rúndacht na mac léinn. Ní ghlactar leis i gcás ar bith go ndéantar 'nochtadh gnéaschlaonta' ar dhuine ar bith gan cead soiléir agus cead scríofa a fháil uaidh;
- meas agus tacaíocht a léiriú do dhaoine aonair maidir le féiniúlacht agus léiriú inscne;
- tuiscint a fháil ar an tacaíocht atá ar fáil do dhaoine le héagsúlacht inscne agus comhairle bhreise a iarraidh nuair is gá, agus príobháideachas agus rúndacht a choinneáil ag an am céanna; agus
- an polasaí agus na treoirlínte maidir le léiriú inscne a cheadú mar is cuí agus traenáil a dhéanamh maidir le heolas inscne nuair is féidir;

### 9.5 Daoine a chabhraíonn le Mic Léinn agus Róil Tacaíochta (tá an fhoireann múinteoireachta, comhairleoirí mac léinn, séiplínigh, foireann tacaíochta na mac léinn agus stiúrthóirí acadúla san áireamh)

Tá róil na ndaoine a thacaíonn le mic léinn ríthábhachtach le cinntiú go bhfuil mic léinn compordach, agus iad ionraic astu féin san ollscoil. Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh na daoine a bhfuil na róil sin acu chun:

- meas a léiriú ar phríobháideachas agus rúndacht na mac léinn. Ní ghlactar leis i gcás ar bith go ndéantar 'nochtadh gnéaschlaonta' ar dhuine ar bith gan cead soiléir agus cead scríofa a fháil uaidh;

- tuiscint a léiriú ar an tacaíocht atá ar fáil do mhic léinn le héagsúlacht inscne agus comhairle bhreise a iarraidh más gá agus rúndacht agus príobháideachas an mhic léinn a choinneáil ag an am céanna;
- an polasaí agus na treoirlínte maidir le léiriú inscne a cheadú mar is cuí agus traenáil maidir le heolas inscne a dhéanamh nuair is féidir;
- caighdeán iompair a léiriú le meas agus dínit a chur chun cinn;
- na bearta cuí a chur i gcrích, atreorú a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt má thagann siad ar an eolas faoi eachtraí bulaíochta, faoi chiapadh, gnéaschiapadh, leithcheal agus/nó íospairt.

### 9.6 Acmhainní Daonna

Tá freagracht ar Acmhainní Daonna as an bPolasaí seo agus sa roinn sin freagrófar fiosrúcháin nó ceisteanna agus déanfar nuashonrú mar is gá. Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh an roinn mar seo:

- meas, rúndacht agus príobháideachas den chaighdeán is airde a chinntiú i gcúrsaí a bhaineann le héagsúlacht inscne d'fhostaithe. San áireamh anseo tá próisis fhoirmiúla a bhaineann le haithint inscne, sonraí leighis agus/nó saoire;
- Rúndacht a chinntiú nuair a chuirtear eolas faoin bhfostaí ar fáil do ghníomhaire seachtrach (mar shampla, seiceáil ar theistiméireacht fostaitheora);
- a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht a bhaineann le comhionannas fostaíochta, aithint inscne agus comhdheis;
- a chinntiú go ndéantar freastal réasúnach ar chomhaltaí foirne, a bhfuil plean acu aistriú a dhéanamh, atá ag aistriú nó a bhfuil aistriú déanta acu (cibé sóisialta, fisiciúil nó eile) agus a chinntiú go dtacaítear leo san aistriú sin i gcomhthéacs an áit oibre;
- tacaíocht, traenáil agus comhairle a chur ar fáil do Cheann Roinne agus do chomhghleacaithe fostaithe atá trasinscneach agus fostaithe le héagsúlacht inscne, nuair is gá;
- a chur in iúl d'fhostaithe agus d'iarrthóirí féideartha gur fostóir comhdheiseanna é Ollscoil Mhá Nuad;
- a chinntiú go gcomhlíontar an polasaí maidir le gearáin agus go gcuirtear tacaíocht ar fáil do Cheann Roinne nuair is gá;
- bainisteoirí daoine a thraenáil chun déileáil le gearáin maidir le bulaíocht, ciapadh, gnéaschiapadh agus leithcheal;
- atreorú a dhéanamh chuig seirbhísí tacaíochta agus líonraí laistigh den ollscoil lena n-áirítear Oifigí Teagmhála, an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, Comhairleoireacht Mac Léinn, Aontas na Mac Léinn Mhá Nuad, ach gan a bheith teoranta do na líonraí sin;
- an polasaí seo agus na treoirlínte a ghabhann leis a choinneáil sa tslí is go soláthrófar an caighdeán cleachtais agus tacaíochta is airde chomh maith le haon nuashonraí dlíthiúla;
- a chinntiú go soláthrófar dóthain traenála agus tacaíochta le bheith cinnte go gcuirfear an polasaí i bhfeidhm ar fud Ollscoil Mhá Nuad.

## 10 Neamhchomhlíonadh an Pholasaí

Má bhíonn gearáin ó chomhaltaí foirne maidir le bulaíocht, ciapadh agus gnéaschiapadh rachfar i ngleic leo tríd na bearta atá sa Pholasaí ar Bhulaíocht, Ciapadh agus Gnéaschiapadh.

Maidir le gearáin eile nó ceisteanna comhionannais, is féidir le comhaltaí foirne dul i dteagmháil leis an Oifigeach Comhionannais chun soiléiriú breise a fháil ar an bPolasaí seo:

**Acmhainní Daonna**
Oifigeach Comhionannais
Lóiste Riverstown, An Campas Theas
01 708 3866
equality@mu.ie..

Chun gearáin a dhéanamh nó chun ceisteanna comhionannais a phlé, is féidir leis na mic léinn teagmháil a dhéanamh le:

**Oifig an Chláraitheora**
Teach na Daonnachta, An Campas Theas
01 7083579
registrar@mu.ie

Is féidir le mic léinn dul i dteagmháil le hAontas na Mac Léinn Mhá Nuad:

**Leas-Uachtarán Leasa agus Comhionannais**
**Aontas na Mac Léinn Mhá Nuad**
Foirgneamh MSU, An Campas Thuaidh
01 708 6808
welfare@msu.ie

Tá na seirbhísí Ollscoile seo thíos ar fáil do mhic leinn le ceist ar bith a bhaineann le féiniúlacht agus léiriú inscne:

**Oifigeach Tacaíochta na Mac Léinn**
Ionad Seirbhísí na Mac Léinn, An Campas Thuaidh
01 474 7627
student.support@mu.ie

**Ionad Sláinte**
Ionad Seirbhísí na Mac Léinn, An Campas Thuaidh
01 708 3878
student.services@mu.ie

**Seirbhís Comhairleorachta**
Ionad Seirbhísí na Mac Léinn, An Campas Thuaidh
01 708 3554

**Séiplíneach**
Ionad Seirbhísí na Mac Léinn, An Campas Thuaidh
01 708 3469
chaplaincy@mu.ie

## 11 Athbhreithniú agus Tuairisciú

Léireoidh an Ollscoil tiomantas trédhearcach do chomhionannas agus d'éagsúlacht tríd na bearta tuairiscithe agus feidhmiúcháin seo.

- Beidh traenáil feasachta i leith inscne mar chuid den Traenáil Comhionannais agus Éagsúlachta (ar líne agus aghaidh ar aghaidh)

- Déanfar athbhreithniú tréimhseach ar an bPolasaí seo le caighdeáin dhlíthiúla pholasaí agus cleachtas an rialtais a léiriú, agus go hidéalach déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí gach ceithre bliana.

- Cuirfidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, Feidhmeannas na hOllscoile agus an Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Idirchultúrachas ar an eolas maidir le ceisteanna nó nuashonraí ar an bpolasaí seo agus ar a fheidhmiúchán.